# Cruth agus spás: Feasacht ar spásúlacht agus suíomh – Moltaí don fhoghlaim sa bhaile

## Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach foghlaim faoi fheasacht ar spásúlacht agus suíomh?

Tacaíonn an fhoghlaim faoi fheasacht ar spásúlacht agus suíomh le forbairt scileanna tábhachtacha fadsaoil. Is ionann feasacht ar spásúlacht agus an tuiscint ar an gcaidreamh idir do chorp féin agus rudaí inár dtimpeallacht, agus déanann suíomh cur síos ar shuíomh daoine, áiteanna nó rudaí. Trí eolas agus scileanna sa réimse seo a fhorbairt, foghlaimíonn páistí conas treoracha a thabhairt agus a léirmhíniú, bealaí gluaiseachta, línte, uillinneacha, srl., a shainaithint agus cur síos orthu go cruinn, agus greillí, pleananna agus léarscáileanna a léirmhíniú. Is féidir na scileanna agus an t-eolas a shealbhaítear a chur i bhfeidhm laistigh agus lasmuigh den scoil, le tacú le páistí maidir lena dtimpeallacht a thuiscint agus a mbealach a dhéanamh tríthi.



### SMAOINTE CHUN TACÚ LEIS AN BHFOGHLAIM

- Agus treoracha á dtabhairt agat do do pháiste (m.sh., *le linn glanadh suas, gléasadh, earraí a fháil ó timpeall an tí*), déan iarracht réimse teanga réamhfhoclach a úsáid (m.sh., *ar, in aice le, os comhair*). Spreag do pháiste le treoracha agus treonna a thabhairt maidir le suíomh áiteanna agus rudaí.
- Taispeáin léarscáil d'Éirinn (cóip chrua nó ar líne) do na páistí agus pléigh suíomh agus gaireacht bailte, contaetha agus tíortha ar an léarscáil. Bain úsáid as teanga a bhaineann le suíomh, mar shampla, 'ó thuaidh', 'ó dheas', 'soir', agus 'siar'. Déan seo a nascadh le háiteanna spéise, m.sh., *tíortha a bhfuil cuairt tugtha acu orthu, áiteanna a bhfuil cónaí ar ghaolta leo iontu*.
- Léigh leabhair do do pháiste agus déan plé ar shuíomh agus fad sna scéalta i gcoibhneas le daoine agus áiteanna sa scéal, m.sh., *tá an leabhar seo suite san Astráil – cén treo ina mbeadh ort taisteal leis an Astráil a bhaint amach? Tá turas fada le déanamh ag an mbanphrionsa sa scéal seo ón gcaisleán i dtreo an tsráidbhaile, n'fheadar céard iad na rudaí a fheicfidh sí ar a bealach? N'fheadar cé mhéad ama a ghlacann an turas seo?*
- Agus tú ag imirt cluichí amhail ficheall, Connect 4, srl., le do pháiste, déan teanga a bhaineann le feasacht ar spásúlacht a eiseamláiriú. Pléigh agus cosain na gluaiseachtaí a rinne tú sa chluiche agus roinn na straitéisí a d'úsáid tú.
- Cuireann an spórt go leor deiseanna ar fáil chun teanga a bhaineann le suíomh a phlé. Agus sibh ag imirt nó ag breathnú ar spóirt, labhair faoi shuíomh na n-imreoirí i gcoibhneas lena chéile agus iad ag pasáil na liathróide, i mbun cosanta, srl., m.sh., *is gá d'uimhir 6 a bheith cúramach maidir leis an imreoir atá ag teacht ina treo ar a taobh clé, bhuail sé an liathróid rófhada i dtreo na láimhe deise, is gá don chapall bogadh ag fiorghéaruillinn le go n-éireodh leis an chéad léim eile a chur i gcrích*.
- Déan do pháiste páirteach agus turas á phleanáil agat, breathnaígí ar léarscáileanna le chéile agus déanaigí an bealach agus an cúrsa taistil a phlé.
- Pleanáil agus lean bealaí sa cheantar áitiúil, m.sh., *siúlóid go dtí an pháirc nó siopa, agus pléigh na treoracha atá le leanúint agus aon cheisteanna sábháilteachta atá le cur san áireamh, cloí le soilse tráchta, mar shampla*.





### LEABHAIR

- *Rosie's Walk*, Pat Hutchins, 4+ bliana d'aois
- *We're Going on a Bear Hunt*, Michael Rosen, 4+ bliana d'aois
- *Bug Dance*, Stuart J. Murphy, 4+ bliana d'aois
- *The Greatest Gymnast of All*, Stuart J. Murphy, 4+ bliana d'aois
- *My Map Book*, Sara Fanelli, 5+ bliana d'aois
- *Hamster Champs*, Stuart J. Murphy, 7+ mbliana d'aois
- *Treasure Map*, Stuart J. Murphy, 7+ mbliana d'aois
- *Sir Cumference and the Great Knight of Angleland*, Cindy Neuschwander, 9+ mbliana d'aois
- *Sir Cumference and the Viking's Map*, 9+ mbliana d'aois

**Cuireann do leabharlann áitiúil réimse leathan leabhar agus acmhainní ar fáil saor in aisce a thacaíonn le foghlaim mhatamaiticiúil na bpáistí a fhorbairt*


### CLUICHÍ / GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- Bloicíní tógála (is féidir iad seo a úsáid le béim a leagan ar theanga chuí cosúil le 'in aice le', 'os comhair', srl., nó chun bailte, feirmeacha beaga, srl., a chruthú inar féidir leis na páistí daoine, feithiclí nó ainmhithe bréige a shuí agus a loingsiú)
- Nathracha is Dréimirí
- Longa Cogaidh
- Puzail agus lúbraí
- Connect 4
- Táiplis
- Jenga
- Ficheall
- Lego
- Deir Ó Grádaigh, Lean an Ceannaire, A Mhamaí, an féidir liom ...? (ag baint úsáid as teanga ar nós ar chlé, ar dheis, rothlaigh)
- Solas Dearg, Solas Glas
- Tóraíochtaí Taisce
- Amhráin a bhfuil gluaiseachtaí damhsa a ndearnadh cóiréagrafaíocht orthu mar chuid díobh, mar shampla, an Cha Cha Slide, Hokey Pokey agus an Macarena
- Puzail tangraim, míreanna mearaí

## AG FOGHLAIM AR LÍNE

- Help My Kid Learn www.helpmykidlearn.ie
- Scoilnet www.scoilnet.ie/primary/theme-pages/mathematics/
- Seachtain Mhatamaitice na hÉireann – Zón na dTuismitheoirí www.mathsweek.ie
- Maths Eyes https://haveyougotmathseyes.com/

***Téarmaí úsáideacha le cuardach ar líne:*** feasacht ar spásúlacht, suíomh, cruth agus spás, foghlaim, bunscoil, matamaitic, suíomhanna, treoracha, léarscáileanna, treoshuíomh, loingseoireacht, compás, greillí, comhordanáidí, suíomhanna, uillinneacha, cluichí, gníomhaíochtaí



## EALAÍONA AGUS CEARDAÍOCHT

- Tionscadail ealaíne 3-T amhail déantúis d'fhoirgnimh arb ann dóibh san fhíorshaol nó a samhlaíodh - dear na struchtúir de réir scála, déan na línte agus uillinneacha atá i gceist agus a suíomh a mheas, fiosraigh agus pléigh peirspictíochtaí éagsúla amhail radhairc anuas.
- Ealaín mhósáice – ag baint úsáid as bruscar mar ábhar ealaíne.
- Dear agus cruthaigh lúbra – is féidir iad seo a tharraingt ar pháipéar nó a chruthú le cárta.
- Dear léarscáil taisce do thóraíocht taisce tí nó gairdín.
- Lean treoracha le déantúis agus earraí ceardaíochta a dhéanamh.
- Gníomhaíochtaí teisilithe – cuardaigh ar líne le teacht ar theimpléid is féidir a phriontáil.



## DO CHUID SMAOINTE FÉIN

